

## Leideanna a d'fhéadfaí a úsáid sa dialann mhatamaitice.

### Leideanna Ginearálta:

- Cad é an uirlis tomhais is fearr a cruthaíodh riamh dar leat? Mínigh do réasúnaíocht.
- Tá mearbhall orm go fóill faoi...
- Déan cur síos ar lítear, cileagram, méadar.
- Ba bhreá liom eolas a fháil faoin gcaoi...
- Mínigh an difríocht idir achar agus imlíne.
- Tá a fhios agam go bhfuil mé ceart mar....
- Cé na poist ina n-úsáidtear uirlisí tomhais? An féidir leat teacht ar bhealach chun do chuid torthaí a rangú?
- Ba bhreá liom tuilleadh a fháil amach faoi ...
- Tá sé deacair orm..

### Achar

An bhféadfadh sé tarlú gurbh ionann achar dronuilleoige agus fad a himlíne? Mínigh do fhreagra ag úsáid léaráidí, pictiúr, focal nó uimhreacha.

Conas a d'fhéadfaimis achar dronuilleoige a fháil amach? Mínigh do fhreagra ag úsáid pictiúr, léaráidí, focal nó uimhreacha.

### Airgead

Conas a d'fhéadfá airgead a mhíniú d'eachtrán a tháinig ó Mharsa nach bhfaca airgead riamh roimhe seo?

In Éirinn san am atá thart bhíodh nótaí £1.00 againn ach anois bainimid úsáid as boinn €1. Cé acu is fearr, nótaí nó boinn dar leat? Mínigh do fhreagra.

### Am

Cad is féidir leat a dhéanamh in aon nóiméad amháin? Mínigh

Cad iad na rudaí is féidir leat a dhéanamh níos mó ná babhta amháin taobh istigh de shoicind?

Taispeánann mo chlog am a léiríonn leathuair an chloig. Déan cur síos ar an gcuma a bheadh ar an gclog?

### Fad

Cé na rudaí is féidir a bheith níos lú / níos mó ná 5 cheintiméadar? Mínigh.

Déan cur síos ar mhéadar. Bain úsáid as pictiúir, léaráidí, focail nó uimhreacha.

Cé chomh mór is atá bonn do choise? Smaoinigh ar bhealaí éagsúla chun é a thomhas agus déan comparáid idir na torthaí.

### Meáchan

Déan cur síos ar chileagram. Bain úsáid as pictiúir, léaráidí, focail nó uimhreacha.

Cad atá níos éadroime ná do dhialann mhatamaitice? Conas a dhéanfá seiceáil air sin?

### Toilleadh

Tarraing rud a choinneodh níos mó uisce ná do bhuidéal uisce the?

Cé mhéad uisce a chaillfeá ó sconna atá ag síleadh? Cén chaoi a bhfaighimis amach? Mínigh do fhreagra.